

# ☼ An Lúibín ☼

4 Feabhra 2019

## Tionól Gaeilge in Melbourne

Uair sa bhliain tagann scata Gaeilgeoirí le chéile in Melbourne i gcomhair ranganna agus comhrá, mar a rinne siad i mbliana i Mí Eanáir. Ar an 28 Eanáir, in International House (áit a bhaineann le hOllscoil Melbourne), cuireadh tionól Gaeilge ar siúl. Bhí Siún Uí Mhaoldomhnaigh mar chathaoirleach air agus thug Regina Uí Chollatáin, Robert Lindsey, Éilis Hurst, Colin Ryan agus Val Noone cainteanna.



International House, University of Melbourne  
*Wikimedia Commons*

Na cainteoirí:

I nDún Beag i gContae an Chláir a tógadh Siún Uí Mhaoldomhnaigh. Tháinig sí féin agus a cúram chun na hAstráile in 1982 agus tá dlúthbhaint aici le gnóthaí Gaeilge in Melbourne.

Is Ceann Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis in UCD í an tOllamh Regina Uí Chollatáin. Is é an t-ábhar taighde is mó aici na meáin Ghaeilge agus ré na hAthbheochana, í ag iniúchadh réimse poiblí na meán mar a bhí sé fadó agus mar atá sé anois. Tá a lán leabhar agus alt foilsithe aici.

Is scoláire Gaeilge agus múinteoir scoile i mBéarla é an Doctúir Robert Lindsey. In Melbourne a rugadh agus tógadh é. In 2015 chríochnaigh sé PhD faoi ghluaiseacht na Gaeilge in Éirinn.

As Sydney do Éilis Hurst. Thosaigh sí ag foghlaim Gaeilge ann tar éis di cuairt a thabhairt ar Éirinn in 2003 agus chuidigh sí le Scoil na Gaeilge a chur ar bun in Sydney in 2007.

In Victoria na hAstráile a tógadh Colin Ryan agus is ann a d'fhoghlaim sé Gaeilge. Tá dhá leabhar foilsithe aige sa teanga sin, cnuasach gearrscéalta (Cló Iar-Chonnacht) agus cnuasach dánta (Coiscéim)..

Rugadh agus tógadh an Doctúir Val Noone in Melbourne, áit a bhfuil sé ina chónaí fós. Staráí é agus mórán scríofa aige. In 2012 d'fhoilsigh sé *Hidden Ireland in Victoria*, an chéad leabhar faoi stair na Gaeilge in Victoria.

Thug Regina caint ar athbheochan thrasatlantach na Gaeilge - scríbhneoirí, intleachtóirí agus an fhéiniúlacht Éireannach. Fréamhaíodh cuid mhaith de shíolta smaointeoireacht úr an fichiú haois faoi shaorstát na hÉireann i scríbhinní athbheochana a sholáthair ardán tuairimíochta taobh le fóraim nua scríbhneoireachta. Aithnítear an nasc idir aos intleachta na hathbheochana agus tuiscintí féiniúlachta a mhúnlaigh sochaí agus suíomh teangeolaíoch na hÉireann san fhichiú haois mar aon le forbairt aos úr intleachta. Tugann an idirghníomhaíocht thrasatlantach le fios gur chuid d'fhéiniúlacht hibrideach na nGael í an Ghaeilge, bíodh is go raibh siad 'i mbaile' nó 'i gcéin' mar a tuigeadh ó theidil na gcolún éagsúil. Gluaiseacht intleachtúil í seo, de réir Sheáin Uí Thuama, nár tugadh a ceart di riamh ainneoin a tionchair ar threoirphlean na hÉireann san fhichiú haois a bhronn diminsean ar leith ar chultúr leithleach na hÉireann i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Chuir Robert síos ar Uinseann Seosamh Ó hEachthuigheirn (1903-1986), innealtóir, scríbhneoir, file, maisitheoir leabhair agus grianghrafadóir. Astrálach ba ea é agus cónaí air in Melbourne. Bhí sé díograiseach i leith na Gaeilge i ngach gné dá shaol, cé gur beag nár cailleadh saothar a shaoil tar éis a bháis. Ba Ghaeilgeoir ildánach é a rinne lámhscríbhinní áille. (Féach alt le Robert in *An Lúibín*, Mí an Mhárta 2016, uimhir 241.)

Bhí Éilis ag caint ar conas sinsir a aimsiú in Éirinn trí thaifid eaglaise agus trí thaifid shibhialta. Tá breise is 3,500 clár paróiste le híomhánna deasa i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó 1,060 eaglais Caitlicí in Éirinn. Tá íomhánna ó eaglaisí eile ar an suíomh [irishgenealogy.ie](http://irishgenealogy.ie), agus taifid shibhialta ann chomh maith. Taispeánadh conas do shinsear a aimsiú iontu agus conas íomhánna a fháil uathu saor in aisce.

Léigh Colin Ryan roinnt dánta dá chuid a foilsíodh cheana ar irisí éagsúla agus ar scríobhadh iad tar éis gur tháinig a chéad chnuasach amach.

Phléigh Val *A New History of the Irish in Australia*, leabhar le Elizabeth Malcolm agus Dianne Hall. Leabhar é a thugann léargas ar réimsí den Astráil Ghaelach nach raibh eolas orthu agus a thugann súil úr ar réimsí a raibh eolas orthu cheana. Baineann na húdair leas as foinsí agus modhanna taighde nár baineadh leas astu go dtí seo, ag tarraingt aird ar chúrsaí cine, inscne, sláinte meabhrach, fostaíochta, polaitíochta agus creidimh.

Ba léir go raibh suim mhór ag an slua éisteachta san ábhar a bhí á phlé. Baineadh feidhm éigin as an mBéarla ar son na ndaoine a raibh beagán cabhrach uathu, ach is í an Ghaeilge a bhí faoi réim i ndeireadh na dála. Tá súil againn go bhfuil an Tionól Gaeilge daingnithe ina thraidisiún anois.



## **An Bhreatnais i saol an Bhéarla**

Tuairisc shuimiúil a bhí le léamh in *The Guardian* le déanaí.<sup>1</sup> Dúirt banc mór (HSBC) le Nia Lloyd, custaiméir a scríobh chuige i mBreatnais agus í ag gearán nach raibh seirbhísí áirithe ar fáil ina teanga féin, gur chóir di dul i dteagmhail leis i mBéarla seachas i dteanga 'iasachta'. Tá, ar ndóigh, idir Bhreatnais agus Bhéarla ina dteangacha oifigiúla sa Bhreatain Bheag. Tá Nia Lloyd ar dhuine de na céadta custaiméirí a scríobh chun na mbancanna i dtaobh seirbhísí ar líne a bheith de dhíth i mBreatnais. Bheadh fíneálacha le híoc ag a lán forais phoiblí sa chás céanna agus údarais áitiúla san áireamh, agus bhí na rialacha céanna le cur i bhfeidhm ar roinnt chomhlachtaí príobháideacha, ach ní dhearnadh sin fós. Mothaíonn mórán daoine go bhfuil meath ag teacht ar sheirbhísí dá leithéid. Dála an scéil, ghabh HSBC a leiscéal le Nia Lloyd as an 'míthuiscint' agus chuir in iúl go raibh foireann Breatnaise aige.

Ní hé nach bhfuil neart cainteoirí Breatnaise fós ann, ach tá an Béarla ag cúngú uirthi gan stad. Tá Rialtas na Breataine Bige ag iarraidh í a neartú mar ábhar sna scoileanna. Táthar chun an Bhreatnaise a chur á múineadh feasta mar an chéad teanga seachas deis a thabhairt do dhaltaí í a roghnú mar an dara teanga. Beidh an Bhreatnais agus an Béarla éigeantach fós mar atá siad anois.

Ó 2022 amach beidh an curaclam Breatnaise céanna ag gach dalta agus cuirfear breis béime ar scileanna úsáide. Tá dianchúrsaí oiliúna le cur ar fáil do mhúinteoirí agus do chúntóirí ranga chun go mbeidís ullamh chun na

<sup>1</sup> [https://www.theguardian.com/uk-news/2019/jan/20/hsbc-bank-tells-welsh-customer-not-to-complain-in-foreign-language?CMP=Share\\_iOSApp\\_Other](https://www.theguardian.com/uk-news/2019/jan/20/hsbc-bank-tells-welsh-customer-not-to-complain-in-foreign-language?CMP=Share_iOSApp_Other)

hoibre. Ach maíonn Ceardchumann an Oideachais nach ndúirt ach 34% de mhúinteoirí na tíre go raibh Breatnais acu. Ní fhágann sin go mbeidís go léir i gcumas múineadh tríd an teanga. Chuideodh dianchúrsa leo, ach fágann sin líon mór múinteoirí nach bhfuil an teanga acu ar chor ar bith.

De réir dhaonáireamh na bliana 2011, tá 562,000 duine sa Bhreatain Bheag in ann Breatnais a labhairt. Ach, mar a mhaítear ó am go ham, ní hionann sin is a rá go mbaineann siad feidhm as an teanga.<sup>2</sup> Ní léir ón bhfigiúr sin cá mhéad cainteoir dúchais nó cainteoir líofa atá ann.

Tá méadú mór tagtha ar an líon cainteoirí dara teanga de bharr scoileanna lán-Bhreatnaise agus laghdú mór tagtha ar an líon cainteoirí dúchais. Tá borradh faoin méid scoileanna lán-Bhreatnaise, rud a chuirfeadh na gaelscoileanna i gcuimhne duit. Ach níl Breatnais ag formhór na dtuismitheoirí (leithéid na hÉireann arís) agus fágann sin gurb é an Béarla príomhtheanga na ndaltaí. Mura bhfuil Breatnais á labhairt sa chomharsanacht, is beag faill atá ag na daltaí leis an teanga a úsáid. Idir an dá linn, fágann cainteoirí óga dúchais an tír agus iad ar lorg post, agus tagann Sasanaigh isteach: fiú in 2001 b'as Sasana do 20% den daonra, agus ba mhó an céatadán sin anois.<sup>3</sup>

*The Guardian* arís ó 2013 – píosa le Dawn Foster agus í ag cur síos ar chás an fhoghlaimeora:

Shop staff may speak Welsh, but they'll definitely speak English – if you're not hugely confident, it makes sense to avoid a red face and plump for "Saesneg" instead. It seems safer to ask for fish and chips, than say "Rydwi yn hoffi pysgodyn a sgłodion" if you're on St Mary's Street in Cardiff. Many young people only learn Welsh in school, and don't speak it at home if their parents don't speak it. So if you're in a pub and a friend's Welsh isn't as "bendigedig" ['beannaithe' nó líofa] as yours, it's polite to revert to English to make sure they feel included.<sup>4</sup>

Is iomaí Gaeilgeoir a thuigfeadh é sin. An bhliain chéanna scríobh Rhiannon Lucy Coslett, cainteoir líofa, píosa don *New Statesman* agus an port céanna aici. Dúirt sí nár shíl ach leath na gcainteoirí idir 16 agus 24 bliana d'aois go raibh siad líofa agus nach labhraíonn ach an tríú cuid acu Breatnais lena gcairde.

The language lobby is the preserve of the middle classes. Years ago, the emerging bourgeoisie appropriated the Welsh language and they are now in the process of ossifying it. They dominate in the media, local government and education. An insistence on formal Welsh alienates those who speak the living language. It's no wonder many Welsh people don't consider themselves fluent: their Welsh will never be good enough for some people.<sup>5</sup>

Más mar sin a bhí roinnt blianta ó shin, ní dócha gur tháinig feabhas ar an scéal ó shin. Tá daoine in Éirinn a chuirfeadh an sotal céanna i leith Gaeilgeoirí, ach tá a lán Gaeilgeoirí ann a labhraíonn cibe cineál Gaeilge is fearr leo, beag beann ar lucht a gcáinte. Iadsan, b'fhéidir, is mó atá ag múnú na cainte.<sup>6</sup>

In Éirinn tá meath na Gaeilge sa Ghaeltacht sáraithe ag borradh na teanga sa limistéar uirbeach. Bhí súil ag daoine go dtitfeadh a leithéid amach sa Bhreatain Bheag, ach níl ach borradh beag le feiceáil taobh amuigh de na ceantair dhúchais. Tá dlús na gcainteoirí á thanú, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra bualadh le daoine a bhfuil an teanga ar a dtoil acu. Is lú an líon pháistí a thógtar le Breatnais. Fiú in Sir Gaerfyrddin (Camarthenshire), mar a mbíodh an uimhir ab airde de chainteoirí Breatnaise, tá líon na gcainteoirí sin tite. Níos lú ná 50% de dhaonra an chontae a labhraíonn Breatnais ann anois.<sup>7</sup>

Fágann seo lorg ar thaobhanna eile den saol. Tuairiscíodh ar an BBC cúpla bliain ó shin go raibh titim 16% ar uimhir na leabhar Breatnaise do pháistí – ó 234,000 leabhar a díoladh in 2011 go dtí an 196,000 a díoladh in 2017. Ach ar feadh na tréimhse céanna tháinig ardú 63% ar dhíol a leithéidí i mBéarla – ó 22,000 go 36,000. Bhí baint ag

<sup>2</sup> <https://nation.cymru/opinion/the-census-hides-the-true-decline-of-the-welsh-language-it-needs-to-be-changed/>

<sup>3</sup> Hywel M. Jones (2010), 'A statistical overview of the Welsh language'

<http://www.comisiynyddygyrnaeg.cymru/English/Publications%20List/A%20statistical%20overview%20of%20the%20Welsh%20language.pdf>

<sup>4</sup> <https://www.theguardian.com/commentisfree/2013/aug/12/welsh-language-extinction-use>

<sup>5</sup> <https://www.newstatesman.com/culture/2013/08/why-welsh-language-dying-because-land-my-fathers-obsessed-purity>

<sup>6</sup> Féach, mar shampla, *Storytime in Irish/Gaeilge/Gaelic with Éadaoin Nic Mhuiris:*

<https://www.youtube.com/watch?v=Y1mTVLMGqQU>

<sup>7</sup> Eyllt Meurig: 'Welsh: rise and fall?' file:///C:/Users/AnneH/Downloads/the-linguist-53-2.pdf

gearradh maoinithe leis seo, gan amhras. Aisteach le rá, tháinig laghdú ginearálta ar dhíol na leabhar a scríobhadh do dhaoine fásta. Laghdú 18% a tháinig ar ábhar Breatnaise – ó 145,000 go 118,000. Tháinig laghdú 14% ar dhíol na leabhar Béarla, ó 152,000 go 130,000.<sup>8</sup>

Tá laghdú suntasach tagtha ar an líon dóchtúirí a bhfuil Breatnais acu (rud a bhaineann le ganntanas dochtúirí i gcoitinne). Thit an uimhir sin ó 384 go 358 idir 2012 agus 2017. Tá a lán daoine ann, leithéidí leanaí agus daoine fadhbanna meabhrach acu, nach foláir dóibh deis a bheith acu iad féin a chur in iúl tríd a dteanga dhúchais.<sup>9</sup>

Ní dócha go dtiocfaidh borradh arís faoi líon na gcainteoirí dúchais – a mhalairt ar fad. Tá an teanga ag cúlú ar a lán slite. Ní gá gurb ionann méadú ar líon na gcainteoirí tánaisteacha agus neartú na Breatnaise i gcoitinne agus rath na teanga ag brath ar fhaill a bheith ag daoine le dul i dteagmháil le chéile. Tá an Bhreatnais ar an teanga Cheilteach is láidre fós (ghabhfhadh éad thú agus tú i do Ghaeilgeoir) ach ba bheag an t-iontas é tar éis an tsoil dá ndéanfaí teanga mheánaicmeach amháin di – an chinniúint chéanna atá á bagairt ar an nGaeilge in Éirinn, dar lena lán.



### **Bás Brian Stowell**

Tá Brian Stowell, laoch Manannach, marbh agus é ocht mbliana is ochtó bliain d’aois. Scríbhneoir, craoltóir, teagascóir agus ceoltóir féin ba ea é agus is beag duine a rinne níos mó chun Gaeilge Mhanann a chur cinn. Bhí Gaeilge na hÉireann ar a thoil aige (is cuimhin linn agallamh raidió a chur air sa teanga sin na blianta fada ó shin) agus d’aistrigh sé cúrsaí foghlama uaithi go Gaeilge Mhanann.

Bhain sé céim amach in Ollscoil Liverpool agus bhíodh sé ag obair mar fhisiceoir núicléach agus léachtóir i Sasana.

Chuaigh sé i mbun Gaeilge Mhanann a fhoghlaim agus é ag siúl an oileáin le daoine eile sna 1950í chun na cainteoirí dúchais deireanacha a thairneadh. In 1991 ceapadh é mar an chéad Oifigeach Ghaeilge Mhanann.

D’fhoilsigh sé *Contoyrtyssyn Ealish ayns Cheer ny Yindyssyn*, aistriúchán de *Alice’s Adventures in Wonderland*, agus *Reks Carlo ayns Mannin*, aistriúchán de *Réics Carló in Oileán Mhanann* (Cathal Ó Sándair). In 2006 d’fhoilsigh sé *Dunveryssyn yn Tooder-Folley* (Dúnmharuithe na Vaimpíre), an chéad úrscéal dá chuid féin agus an chéad úrscéal a scríobhadh riamh sa teanga.

Bhí sé ina chomhláithreoir ar *Moghrey Jedoonee*, clár maidine Dé Domhnaigh ar Raidió Mhanann.

Bhí sé le feiceáil ar an scáileán sa scannán faisnéise *Na Scanáin (Ny Scannaneyn)*, scannán a rinne Bob Quinn do RTÉ (féach [https://www.youtube.com/watch?v=5IQ6\\_Kov5h8](https://www.youtube.com/watch?v=5IQ6_Kov5h8) – leagan ba cheart a athchóiriú). Féach freisin fiseán gearr ina bhfuil sé ag caint le Adrian Cain (cainteoir líofa eile) i nGaeilge Mhanann faoi laethanta a óige (<https://www.youtube.com/watch?v=qEuU2HAtFzo>) agus fiseán eile ina bhfuil sé féin agus Adrian Cain ag caint i nGaeilge agus i mBéarla faoi logainmneacha (<https://www.youtube.com/watch?v=N6L5G3EB5b0>).



### **Bás Bhearnaí Uí Dhoibhlin**

Níl líonmhar an dream iad Gaeilgeoirí na hAstráile, tír a bhfuil 25,000 milliún duine ina gcónaí inti agus timpeall 74,000 duine acu ina nÉireannaigh (bhain breis is 24,000 Éireannach saoránacht Astrálach amach le deich mbliana anuas). Tá líofacht éigin ag roinnt an-bheag acu agus tá scata Astrálach ann a fuair greim daingean ar an teanga. Uaireanta déanann Éireannach san Astráil athghabháil ar an nGaeilge a d’fhoghlaim sé sa bhaile. Ba mhar sin do Bhearnaí Ó Doibhlin (1944-2018), fear a rinne a chion féin chun an Ghaeilge a chur chun cinn san Astráil.

<sup>8</sup> <https://www.bbc.com/news/uk-wales-41784389>

<sup>9</sup> [https://www.partyof.wales/lack\\_of\\_welsh\\_language\\_provision\\_means\\_patients\\_in\\_wales\\_are\\_getting\\_a\\_second\\_class\\_service](https://www.partyof.wales/lack_of_welsh_language_provision_means_patients_in_wales_are_getting_a_second_class_service)

I mBéal Feirste a rugadh Bearnaí. D'fhoghlaim sé Gaeilge ó na Bráithre agus bhain amach BA i mBéarla agus i dTíreolaíocht in Ollscoil na Banríona in 1965. Fuair sé Dioplóma Oideachais ina dhiaidh sin agus chuaigh i mbun múinteoireachta i mBéal Feirste. In 1972 d'fhág sé féin agus a bhean chéile Angela na Trioblóidí ina ndiaidh agus bhain an Astráil amach. Bhí beirt iníonacha acu faoin am sin. Chaith sé tamall maith ina mhúinteoir i meánscoileanna in New South Wales agus in Canberra agus in 1988 fuair sé scoláireacht Fullbright mar mhúinteoir in Tucson, Arizona. An-tuiscint aige ar litríocht agus ar úsáid an Bhéarla.


Tar éis dó dul ar scor d'iompaigh sé arís ar an nGaeilge agus rinne tréan-iarracht ar mháistreacht a fháil uirthi. Bhíodh sé os cionn ranganna Gaeilge agus bhí sé ina cholúnaí Gaeilge ag an iris ar líne *Beo*.

Fuair sé bás anuraidh, ach tá gá lena leithéidí fós chun an teanga a choinneáil beo ar bhéal Gaeilgeoirí, chun í a chur i gcló, chun lucht a labhartha a chur ar a leas.



### **An spás, an cine daonna agus an díth céille**

Is iomaí scannán agus sraith teilifíse atá suite amuigh sa spás. Bíonn siad lán de laochra (Meiriceánaigh de ghnáth) a labhraíonn Béarla an lae inniu. Bíonn corr-eachtrán ann a d'aithneofa mar leagan anchumtha díot féin. Bíonn teicneolaíocht ann a mbeadh smúit na haoise uirthi san am atá le teacht – méarchláracha, mar shampla. Is é an bunsmaoineamh atá ann gur eachtraíocht dhaonna atá i gceist agus gur gá do bhaill den chine daonna dul de léim amach sa spás chun teorainneacha a shárú, fiú más timpeallacht é an spás céanna atá neamhoiriúnach ar fad don duine.



Lárionad ar Mhárs  
*Wikimedia Commons*

Abraímís, mar sin féin, go bhfuil sé de mhí-ádh ort a bheith tofa mar bhall d'fhoireann atá ar a mbealach chun Márs. Seo roinnt rudaí ar cóir duit machnamh a dhéanamh orthu.

Déanann taisteal spáis díobháil mhór don chorp. Tá a fhios againn go bhfuil an spás lán de radaíocht agus tá a fhios againn ó úsáid na radaíochta i gcúrsaí leighis go bhfágann sí drochlorg ar an inchinn. Déanann sí dochar don chognaíocht – cumas foghlama, cuimhne, aire agus eile – agus tagann inní, neamhord giúmair agus lionn dubh de. Tá baint aige seo le laghdú ar chastacht na néarón, le hathruithe ar an leaba shoithíoch (fíochán a bhfuil ribeadáin nó mionchuislí ag rith tríd) agus le hathlasadh néarónach.

Tagann seargadh matánach agus meath cnámharlaí den dímheáchan leanúnach. Tagann moill ar fheidhmiú an chórais chardashoithígh, ní ghintear an méid is gá de chealla dearga fola, cuirtear isteach ar chothomaíocht agus

ar radharc na súl agus déantar an córas imdhíonach a lagú. Chomh maith leis sin, caithfear athdháileadh leachta, laghdú tathaig, líonadh sróine, codladh corrach agus gaofaireacht a fhulaingt.<sup>10</sup>

Más ea, ar éigean a bheadh a fhios agat go bhfuil fadhbanna dá leithéid ann agus tú ag féachaint ar dhaoine in eipicí spáis, iad ag feidhmiú gan dua, sláinte an bhradáin acu agus iad chomh cliste sin chun na hoibre.

Ansin, rud eile: turas an-fhada a bheith roimh an fhoireann agus gá acu le modh taistil a ligfidh dóibh maireachtáil. Is iomaí rogha atá ann.

- Domhanárthach – ártach ina ngintear glúin i ndiaidh glúine ar thuras an-fhada. Ní féidir a leithéid a dhéanamh faoi láthair toisc go mbeadh sí chomh mór sin agus go mbeadh fadhbanna móra bitheolaíocha agus socheolaíocha ag baint leis an tionscadal.
- Fionraí beochana – an fhoireann curtha ina gcodladh ar bhealaí éagsúla (suanaiocht shaorga, caomhnú crióineach nó eile) ar feadh an turais. Ní féidir a leithéid a dhéanamh fós.
- Coilíniú suthach – suthanna reoite i mbroinn shaorga agus róbaít ina bhfeighil. B’fhéidir go dtiocfadh an lá.
- Ó rinn go rinn – feidhm a bhaint as na reanna idir bheag agus mhór (astaróidigh, pláinéid) a gheofaí romhat sa spás idir-réaltach, ag léim ó áit go háit go mbainfí ceann sprice amach.
- Turas mear – ba leor 10% de luas an tsolais a bhaint amach chun Proxima Centauri (an ghrian is gaire dár ngrian féin) a shroichint i gceann daichead bliain, ach ba ghá modhanna tiomántachta nua a thabhairt chun foirfeachta, rud nach bhfuil déanta fós.

Is féidir leat imtharraingt shaorga a dhéanamh sa spás trí spásárthach nó stáisiún spáis a choinneáil ag casadh, rud a fheictear minic go leor sna heipicí spáis. Cruthaítear fórsa lártheifeach a tharraingíonn daoine chun an taoibh amuigh; ar an dóigh seo tig leis an tarraingt do chosa a choinneáil ar dhromchla. Is féidir é seo a dhéanamh le hártach atá ina diosca mór ar nós roithleagáin nó le hártach sorcóireach a chasann timpeall a haise féin.

Ach ní furasta a leithéid a thógáil. Abair go bhfuil spásárthach agat atá míle méadar trasna: bheadh uirthi casadh gach 62.8 soicind agus bheadh méid mór breosla ag teastáil chuige, gan trácht ar chabhail throm thathagach. Ní fhéadfaí í a thógáil thíos ar dhroim an domhain; bheadh ort an obair a dhéanamh sa spás agus gá agat le cruinneas iontach. Agus bheadh costas ollmhór ag gabháil leis.<sup>11</sup>

Luíonn sé le ciall, mar sin, gur fiú dúinn (an cine daonna) athmhachnamh a dhéanamh ar an eachtraíocht i réigiúin fhuara an spáis. Agus tá cúntóirí againn a dhéanfaidh an obair gan stró ar bith – maisíní, ártacháigh fhéinstiúrtha, intleacht shaorga. Más mian leat acmhainní spáis a shaothrú, déanfaidh róbaít an obair. Ní bhíonn eagla orthu, ní thagann scaoll iontu, ní thagann galar orthu. Tá daoine lag agus costasach. Déantar trácht ar ‘choilíneachtaí’ a chur ar bun ar phláinéid eile ach, i dtaca le holc, ba dheacair a áitiú gur fiú daoine a chur ina chónaí in áit nach n-oireann dá gcorp ná dá n-aighe.

Ach tá mealladh fós san eachtraíocht, na laochra ag cur chun bóthair, ag taiscéalaíocht, ag cur fúthu ar an iargúil. Bheimis inár n-iarlaisí ann ach is cuma linn. Agus is maith le lucht scannánaíochta an Duine, an Laoch, an neach ar cuid dinn féin é. Mar sin a bheidh an scéal nó go dtabharfar chun céille sinn.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

<sup>10</sup> ‘Space-brain: The negative effects of space exposure on the central nervous system,’ Rahul Jandial, Reid Hoshide, J. Dawn Waters, Charles L. Limoli: *Surgical Neurology International* 2018, Jan 16

<sup>11</sup> <http://curious.astro.cornell.edu/about-us/155-people-in-astronomy/space-exploration-and-astronauts/aeronautics/922-why-doesn-t-nasa-build-rotating-spacecraft-to-simulate-gravity-intermediate>



## Leagan simplithe

### An Bhreatnais

Is gearr ó dúirt banc mór sa Bhreatain Bheag le custaiméir gur teanga ‘iasachta’ í an Bhreatnais. Bhí an custaiméir ar dhuine<sup>12</sup> den mhórán Breatnach atá míshásta le seirbhísí bainc i mBreatnais. Ghabh an banc a leiscéal leis an gcustaiméir ina dhiaidh sin as an ‘míthuiscint’.

Tá mórán cainteoirí Breatnaise fós ann. Tá Rialtas na Breataine Bige ag iarraidh an Bhreatnais a neartú mar ábhar sna scoileanna. Ní féidir le daltaí feasta í a roghnú mar an dara teanga. Múinfeadh í mar an gcéad theanga. Tabharfar cúnaimh do mhúinteoirí, ach tá mórán múinteoirí ann nach bhfuil an teanga acu ar chor ar bith.

De réir dhaonáireamh na bliana 2011, tá 562,000 duine sa Bhreatain Bheag in ann Breatnais a labhairt. Ach níl a fhios againn an mbaineann gach duine acu feidhm as an teanga.

Tá mórán daoine ann anois a fuair oideachas trí Bhreatnais mar an dara teanga acu. Ach is minic nach bhfuil deis ag na daltaí an teanga a labhairt sa bhaile ná sa chomharsanacht. Fágann cainteoirí óga dúchais an tír agus iad ar lorg post in áit eile agus tagann Sasanaigh isteach. Tá mór cainteoirí óga líofa ann a labhraíonn Béarla lena gcairde. Tá laghdú ag teacht ar líon na gcainteoirí dúchais.

Is lú an díol<sup>13</sup> atá ar leabhair Bhreatnaise do pháistí ach tá méadú tagtha ar dhíol a leithéidí i mBéarla.

Ní dócha go dtiocfaidh borradh arís faoi líon na gcainteoirí dúchais, cé gurb í an Bhreatnais an teanga Cheilteach is láidre. B’fhéidir go ndéanfaí teanga mheánaicmeach di.

---

<sup>12</sup> Ar dhuine de - one of.

<sup>13</sup> Díol - sale.



## Dánta le Colin Ryan

### I láthair

Ag fágáil an stáisiúin traenach dó  
dúirt sé leis féin nach bhfillfeadh sé choíche  
ar an tír úd thiar a dhearmad é  
is shuigh sé chun boird i gcaifé  
is ghéill don neamh-mhothú

taispeánadh dó na sléibhte  
a bheadh air a bhaint amach  
lá éigin (amárach b'fhéidir)

ach chrom sé ar dhán a chumadh  
faoi shíofraí na hóige  
faoin easpa a thug sé aniar leis  
ina phócaí

### Díostóipe

Ní raibh drochdhóigh an domhain  
chomh dona sin dar leo

an chathair scriosta na harrachtaí  
na tithe siúil is an deatach úd  
a d'fhág a smúit ar fhearg na gréine

mar bhí cuibhreannas acu i gclúid  
na clasaicigh ar an tseilf  
is ceol an smólaigh amuigh

is ní dhrannaidís leis na heachtráin  
a raibh dreach daonna orthu  
is a thagadh ag iarraidh déirce

céim bhacaí leo ó dhoras go doras  
le filíocht an aiféaltais